

**CLÁR 2 BHLIAIN DO CHÉIMITHE CRU
SONRAÍOCHT POIST 2020**

Ról:	Clár Dhá Bhliain do Chéimithe
Ag obair faoi:	Bhainisteoir an Rannáin
Post:	Clár Dhá Bhliain (agus féidearthacht síneadh a bheith curtha leis nó é a aistriú ina phost buan)
Láithreán:	Tamhlacht Baile Átha Cliath 24

Fostaithe eile ag obair díreach chuige: Tada

Is é An Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) an rialtóir neamhspleách fuinnimh agus uisce in Éirinn a bhfuil raon fairsing de chúraimí aige in earnálacha an uisce agus an fhuinnimh: cúraimí eacnamaíochta; cúraimí sábháilteachta; agus cúraimí um chosaint don chustaiméir.

I measc na freagrachtaí atá ag an CRU faoi láthair áirítear an rialachán eacnamaíochta ar earnálacha an leictreachais agus an gháis nádúrtha in Éirinn, lena gclúdaítear margáí iomaíochta agus líonraí monaplachta araon. Is í an aidhm fhoriomlán atá leis an ról atá ag an CRU i ndáil leis an rialachán eacnamaíochta ná chun leasa a chuid custaiméirí a chosaint agus chun sábháilteacht sholáthair gháis agus leictreachais na tíre a choimeád in earnáil a bhíonn ag athrú gan stad. Rialtóir eacnamaíochta ar sheirbhísí uisce poiblí agus ar sheirbhísí dramhuisce poiblí in Éirinn agus is éard a chuirtear béim air ná go bhfreastalófar ar leasa chustaiméirí Uisce Éireann. Tá feidhm ag an CRU atá bainteach leis sin sa chosaint do chustaiméirí, in earnálacha an fhuinnimh agus an uisce araon, trí ghearáin a dhéanann custaiméirí le cuideachtaí fuinnimh agus uisce a réiteach. Tá an CRU ar thús cadhnaíochta sa chlár náisiúnta um méadar cliste, a bhfuil sé d'aidhm aige an chéad ghlúin eile de mhéadair a thabhairt isteach agus na margáí miondíoltóireachta a athrú ó bhonn. I measc na freagrachtaí slándála atá ag an CRU, áirítear an rialáil slándála de chonraitheoirí leictreacha, de shuiteálaithe gáis agus LPG agus an oibriúchán slán den líonra gáis ar tír mór ar mhaithe le cosaint a thabhairt don bheatha agus don mhaoin. Anuas air sin, is é an CRU an rialtóir slándála ar ghníomhaíochtaí peitriúil réamhtheachtach, lena n-áirítear an gás agus an ola san fharráige amuigh.

An bhfuil an Fuinneamh AGAT?

Tá an CRU ag lorg céimithe a bhfuil an-dul chun cinn iontu le tabhairt isteach san eagraíocht chun páirt a ghlacadh i dtodhchaí na hearnálacha fuinnimh agus uisce in Éirinn, go háirithe i ndáil leis na feidhmeanna eacnamaíochta, sábháilteachta agus cosanta custaiméirí atá ag an eagraíocht.

Más rud é gur mian leat a bheith i do bhall de chuid eagraíochta atá forásach fuinniúil, lena ndéantar leas an phobail a thiomáint ar aghaidh agus a chosaint sna réimsí príomhthábhachtacha i ngeilleagar na hÉireann agus i sochaí na hÉireann, mar sin seo í an eagraíocht is fearr a oireann leat. Cuirfear an té a cheapfar ar chlár dhá bhliain lena dtabharfar deis dó scileanna a fhorbairt agus taithí a fháil sa rialachán, sa cheapadh beartais, san anailís airgeadais, san oibriú meithle, san idirchaidreamh labhartha agus scríofa, agus sa bhainistíocht páirtithe leasmhara agus san idirbheartaíocht chomh maith. Féadfar go mbeidh an fhéidearthacht ann dó, agus an clár a bheith tugtha chun críche aige, go n-aistreofar an ceapachán ina phost buan, ag brath ar na folúntais oiriúnacha a bhíonn ann ag an tráth sin.

Mar Anailísí Céimithe, beidh tú i do bhall de chuid eagraíochta atá forásach fuinniúil, lena gcuirfear le hathruithe a thabhairt isteach sna réimsí príomhthábhachtacha i ngeilleagar na hÉireann. Cuirfidh an CRU tacaíocht agus oiliúint leanúnach ar fáil duit agus beidh neart deis agat chun teacht ar an fhorbairt ghairmiúil lena gcuideofar leat barr do chumas a bhaint amach agus polasaí rialála casta á chur i bhfeidhm agat.

Mar bhall de chuid an chlár céimithe, féadfar go mbeidh tú ag obair laistigh d'aon cheann amháin de na rannáin seo a leanas, nó go mbeidh tú a bogadh timpeall neart dóibh: An tSábháilteacht Fuinnimh, Margáí Fuinnimh, Líonraí Fuinnimh agus Uisce.

Cur Síos ar an bPost

Beidh an té a cheapfar ag obair faoi bhainisteoir, agus ról éagsúil a bheidh aige ina mbeidh sé ag obair chun spriocdhátaí dochta a bhaint amach i dtimpeallacht fhuinniúil. De ghnáth, bheadh sé i gceist sa ról seo gníomhaíochtaí a dhéanamh dála:

- Teacht ar eolas maith ar an fhoireann agus ar an rannán chomh maith le bunchuspóirí an CRU;
- Cuidiú le taighde a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann leis an bpolasaí fuinnimh agus sonraí/treochtaí a shainaithint sa mhargadh fuinneamh agus sa mhargadh uisce.
- Cuidiú le scarbhileoga de shonraí fuinnimh/uisce a anailísiú agus a chur in eagar, agus samhlacha airgeadais a dhéanamh chun, mar shampla, meastachán a dhéanamh ar an bpraghas mórdhíola leictreachais.
- Cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar an tionclaíocht maidir leis na hoibligeáidí a bhíonn acu i leith na sábháilteachta, lena n-áirítear scáthú a dhéanamh ar iniúchtaí slándála agus ar chigireachtaí, agus páirt a ghlacadh i ngníomhartha forfheidhmithe;
- Cláir oibre agus miontuairiscí a dhréachtú agus láithrithe gearra a dhéanamh;
- A bheith ag obair mar bhall foirne, agus ar fhoirne tionscadail ar leith, de réir mar a bhíonn gá leis;
- Ag dul i mbun caidrimh le geallsealbhóirí ar bhealach dearfach inmheánacha agus seachtracha araon chun cur níos mó le cuspóirí an CRU.
- Feasacht ar cad é an dea-chleachtas i dtionscal an fhuinnimh agus i dtionscal an uisce araon, agus i dtionscail atá gaolmhar leo siúd chomh maith, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ní liosta iomlán é an ceann atá thuasluaite.

An Iarrthóir:

- Beidh stair acadúla sármhaith aige (2.1 nó níos airde), san Eacnamaíocht, de rogha, nó sa Dlí, san Innealtóireacht, san Eolaíocht, san Airgeadas, sa Ghnó, nó i ndisciplín atá ghaolmhar leo. Tabhair do d'aire, ní mór go mbeadh sé sin agat faoin am a chuirtear isteach an t-iarratas.
- Beidh scileanna anailíseacha maithe aige, ionas go mbeidh sé nó sí in ann:
 - i. ceisteanna a bhaineann leis an mbeartas poiblí a shainaithint agus a shainmhíniú;
 - ii. anailís a dhéanamh ar scarbhileoga;
 - iii. anailís eacnamaíochta, polasaithe agus airgeadais a dhéanamh ar chaighdeán gairmiúil;
 - iv. monatóireacht agus meastóireachta a dhéanamh ar an fheidhmíocht leanúnach sa tionscal i ndáil leis an tsábháilteacht;
- Beidh sé nó sí in ann a léiriú go bhfuil scileanna cumarsáide sármhaithe, idir scileanna labhartha agus scileanna scríofa, aige nó aici, ionas go mbeidh siad in ann:
 - i. cabhrú chun an anailís bheartais agus an chomhairle ar an mbeartas a chur i láthair don bhainisteoireacht;
 - ii. cabhrú le dréachtú doiciméid polasaithe cuimsitheacha, atá curtha le chéile go maith agus ina bhfuil mionsonraí cruinn le fáil;
 - iii. cúnamh a thabhairt don fhoireann sinsir chun comhairle beartais a chur ar fáil do chinnteoirí.
- Beidh scileanna féinbhainistíochta acu agus a díocas, freisin, chun:
 - i. a am-chlár oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach;
 - ii. measúnacht a dhéanamh ar cad iad na tosaíochtaí sa réimse oibre ina n-oibríonn siad.
- Féindúisire ilchumasach a bheidh ann atá in ann a léiriú:
 - i. spéis mhór sa bheartas poiblí;
 - ii. dearcadh dearfach i dtreo a gcuid oibre;
 - iii. toilteanas dul i mbun oibre mar chuid d'fhoireann idirghníomhach;
 - iv. toilteanas glacadh le dúshlán nua;
 - v. cumas chun líonraí maithe inmheánacha agus seachtracha araon a thógáil agus a chothabháil, agus iad a choimeád cothrom le dáta maidir leis an eolas acadúil a bhaineann leis na príomhréimsí lena mbaineann a chuid oibre;
 - vi. cumas a bheith in ann tuiscint agus suim leathan a bheith aige ar chúrsaí reatha a bhaineann leis an gCoimisiún.

An Phacáiste

Tá pacáiste tarraingteach á thairiscint againn:

- i. Tuarastal tosaigh de €32,405 - (Íos: €32,405 - Uas: €34,273)

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gurb é an chéad phointe den scála cuí an ráta pá a thairgfear agus féadfar an ráta luacha saothair a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Ba cheart d'iarrthóirí suntas a dhéanamh de go bhféadfar pá agus coinníollacha éagsúla a bheith bainteach más rud é go raibh an té a cheapfar ina sheirbhíseach poiblí nó ina státseirbhíseach agus é ag freastal mar amhlaidh díreach roimh dó a bheith ceaptha.

- ii. Scéim pinsin

- iii. Féadfar incrimintí a bheith dáfa más rud é go bhfuil an fheidhmhíocht go sásúil.
- iv. Rochtain ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- v. 25 lá de shaoire bhliantúil ag tús a cheapacháin
- vi. 9 lá saoire bhainc / phoiblí
- vii. Socruithe oibre solúbtha
- viii. Bus / luas saor ó cháin chun cuidiú leat le costas taistil idir baile agus obair
- ix. Rochtain ar an gclár cúnamh d'fhostaithe
- x. Deiseanna breisoideachas le fáil as seo amach
- xi. Timpeallacht oibre ghairmiúil

An Próiseas Iarratais

Tabhair do d'aire, tá CRU tar éis RSM Ireland a fhostú mar phróiseálaí sonraí chun cuidiú leo leis an gcomórtas earcaíochta seo. Baileoidh RSM Ireland faisnéis maidir leis na hiarratais agus déanfaidh siad measúnacht ar a n-oiriúnacht sin thar ceann an CRU. Beidh an faisnéis a bhailíonn RSM Ireland ar coimeád le haghaidh 12 mhí tar éis dheireadh an chomórtais.

BA CHEART C.V. agus litir chumhdaigh a chur (trí ríomhphost) chuig CRUcareers@rsmireland.ie. Déan tagairt do theideal an phoist i líne an ábhair sa ríomhphost.

Teigh i dteagmháil le CRUcareers@rsmireland.ie má bhíonn aon fhiosrú agat.

Is é an 3 Lúil 2020 dáta deiridh le haghaidh na n-iarratas (agus ní mór iad a fháil faoi mheán oíche ag a deireanaí).

Ba cheart go léireofar go soiléir conas a shásaíonn tú bunriachtanais an róil sa litir chumhdaigh, agus go ndeimhneofar an rannán gurbh fhearr leat obair ann sa litir chomh maith;

- An tSábháilteacht Fuinnimh
- Margaí Fuinnimh
- Líonraí Fuinnimh
- Uisce

Ba cheart go n-iarrfar ar iarrthóirí freastal ar agallamh agus féadfar go n-iarrfar air nó uirthi léiriú gearr a dhéanamh ar thasc achomair a chuirfear ar aghaidh chuige roimh an agallamh. Féadfar gur próiseas agallaimh dhá-chéime a bheidh i gceist. Féadfar don CRU gearrliosta de na hiarrthóirí oiriúnacha a chur le chéile le haghaidh poist a bhféadfar teacht suas san eagraíocht amach anseo.

Tá an bealach ina dtugaimid cosaint do chearta príobháideachais na hiarrthóirí ar phoist leagtha amach i bhFógra Príobháideachais an CRU i leith na hEarcaíochta atá ar fáil ar an leathanach ar Ghairmí ar shuíomh gréasáin an CRU (<https://www.cru.ie/wp-content/uploads/2018/05/GDPR-Recruitment-Data-Privacy-Notice-May-2018.pdf>) nó, de mhalaírt air sin, is féidir teagmháil a dhéanamh le CRUcareers@rsmireland.ie chun socrú a dhéanamh go seolfar é sin chugat go díreach.